Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

**Report to Arts, Culture, Leisure and Recreation SPC**
**21st February 2022**
**Item No. 9**

**Miontuairiscí - 1ú Deireadh Fómhair 2021**

Miontuairiscí den chruinniú – Dé hAoine, 1ú Deireadh Fómhair 2021, 2pm ar Zoom

**I Láthair**: Ray Yeates, An Comhairleoir Mícheál Mac Donncha (Cathaoirleach), An Comhairleoir Deirdre Heney, Julian de Spáinn (Conradh na Gaeilge), Orla McMorrow, Donncha Ó Cathasaigh

Leithscéalta: Catherine Neville

Ag glacadh na miontuairiscí :

Clár Oibre

1. Miontuairiscí - Glacadh agus Aon ní a éiríonn.
2. Aontú an Chlár
3. Tuarisc ar BAC le Gaeilge Julian de Spáinn
4. Clár Oibre 2022
5. Buiséad DCC 2022
6. Lá Mór na Gaeilge
7. Aon ghnó eile

1 & 2. Bhí na Miontuairiscí agus an clár glacaithe.

3. Tuairisc ar BAC le Gaeilge

Thug Julian de Spáinn tuairsc ar *BÁC le Gaeilge*. Beidh cruinniú ag Conradh na Gaeilge leis an dá aire - Catherine Martin agus Jack Chambers - ar an 7ú Deireadh Fómhair agus beidh níos mó eolas aige in a dhiadh sin. Beidh sé i dteagmháil leis an Roinn faoi sheoladh *BAC le Gaeilge* idir an Comhairle Cathrach, an Roinn agus Conradh na Gaeilge amach anseo. Bhí iarratas ag an Roinn na Gaeltachta chun an maoiniú a fháil ón Meán Fómhair 2021 agus má tharlaíonn sin is féidir tús a a chur ar rudaí.

4. Clár Oibre

Thug Ray Yeates tuairisc ar an gClár Oibre 2022. Beidh sé féin, Orla McMorrow agus Donncha Ó Cathasaigh ag déileáil leis an gClár Oibre 2022 agus is iad na príomh aidhmeanna ná múineadh na Gaeilge, eachtraí a chur ar bun ar nós Lá Mor na Gaeilge, Oíche Mór na Gaeilge agus Tionól de Chiorcail Chomhrá na cathrach. Bhí plé faoin áit is

fearr sa Comhairle Cathrach chun *BAC le Gaeilge* bheith lonnaithe. Bhí an Oifig na Gaeilge luaite mar áit oriúnach ach aontaíodh gurb é cúram an bainistíocht shinsearach an Ghaeilge a chur chun cinn agus imeachtaí a bhaineanna leithi a chur ar bun. Aontaíodh go buntáiste é go bhfuil an tábhacht don Ghaeilge agus an oidhreacht luaite sa Phlean Chorparáideach. Dúirt an Cathaoirleach go bhfuil moltaí ó thaobh na Gaeilge a chur sa Phlean Forbartha.

5. Buiséad DCC don Chlár Oibre 2022

Maidir leis an buiséad don Chlár Oibre 2022, dúirt Ray Yeates go bhfuil sé ag iarraidh buiséad a chur le chéile don Chlár Oibre agus beidh sé ag i dteagmháil leis an bPríomhfheidhmeannach chun buiséad a thabhairt don Oifig na Gaeilge chun eachtraí cosúil le Lá Mór na Gaeilge agus an Tionól na Ciorcail Comhrá agus Suirbhé a chur ar bun. Bhí plé ginearálta faoin fiúntas an Suibhé agus an tábhacht den Cheathrú na Gaeilge sa chathair. Dúirt an Cathaoirleach go mbeadh Ceathrú na Gaeilge luaite sa Phlean Forbartha agus aontaíodh go mbeadh an suirbhé úsáideach don Oifig na Ghaeilge chun ceist a chur ar an bPobal ar cérbh iad na seirbhísí i nGaeilge atá ag ag teastáil uaidh.

6. Lá Mór na Gaeilge

Bhí plé ginearálta faoin am is fearr den bhlian le haghaidh Lá Mór na Gaeilge. Aontaíodh go mbeadh an Satharn 30 Aibréan 2022 mar dáta oriúnach mar dáta:

- tús na Bealtaine;
- an seans go mbeadh an aimsir go maith le eachtraí faoin aer sna páirceanna
- chun eachtraí a bheith ar siúl le teaghlaigh agus daoine óga i rith an lae agus ceolchoirmeacha a tharlú san oíche

Bhí moltaí chun daoine as phobail nua/Éireannaigh nua bheith chomhpháirteach sa eachtraí agus go mba chóir go mbeadh spá speisialta dóibh.

Ó thaobh an Tionól na Ciorcail Chomhra dúirt an Cathaoirleach go raibh sé ag caint le Teach an Árd Mhéara chun an Seomra Daire (Oak Room) a úsáid mar ionad den Tionól ach ní bheidh freagra aige go dti deireadh na míosa. Pé scéal é nach bhfuil an an Seomra Daire ar fáil bhí an 'Round Room' agus Seomra na Comhairle luaite mar ionaid eile.

Bhí tuilleadh plé faoin Suirbhé agus na saghas ceisteanna a chur don phobal. Moladh nach mbeadh an suirbhé dírithe orthu siúd go bhfuil suim acu sa Ghaeilge amháin ach ar dhaoine nach bhfuil baint acu le Gaeilge chomh maith, le tuairimí éagsúla a fháil.
Aontaíodh go ndéanfadh Ray Yeates roinnt taighde ar an t-ábhar seo agus comhairle a fháil chun na ceisteanna ceart a chruthú in ann an t-eolas is fearr a bhailiú.

7. Aon Ghnó eile:
Beidh an chéad cruinniú eile ar an 5ú Samhain.